

❁An Lúibín❁



19 Aibreán 2004



Nuachtlitir Choicisiúil



An Conradh

The Gaelic League is no longer at the centre of the Gaelic cultural world, but it shows no sign of dying. Now it has a new President, but about policies?

Bhí Conradh na Gaeilge i mbuaic a réime timpeall na bliana 1900. Bhí sruth agus neart na staire leis, leabhair agus paimfléid ag teacht uaidh ina rabharta, na mílte ag foghlaim Gaeilge ina chuid ranganna, agus cumhacht pholaitiúil aige nach raibh aige riamh ó shin. Ansin tháinig an Saorstát agus ré an chúpla focal; ba léir nach raibh meanma na bpolaiteoirí leis an teanga agus gur bheag orthu comhairle an Chonartha. Mar a deir Aindrias Ó Muimhneacháin ina leabhar *Dóchas agus Duainéis: Scéal Chonradh na Gaeilge 1922-1932*:

Siúd is gur de thoradh treoirtheagaisc Chonradh na Gaeilge thar aon ní eile, sa bhfiche bliain tosaigh dá ré, a athmhúsclaíodh meanma náisiúnta Gael agus a cuireadh leorspreacadh agus leorthathag iontu chun dul i mbun slabhraí an choncais a chaitheamh díobh féin, agus gur de dhroim na hiarrachta sin chun saoirse a bhain Éireannaigh cead rialtais dóibh féin amach do shé chontae fichead dá dtír, ní ró-gheall riamh a bhí idir an Conradh agus Rialtas an stáit nuabhunaithe i gcaitheamh na ndeich mbliana tosaigh de ré an stáit sin. Ba mhinicí in earraid le chéile ná a mhalairt, agus ba é fáth an imris eatarthu ach nach raibh Conradh ná Gaeilge riamh sásta lena raibh á dhéanamh ag an Rialtas seo chun an Ghaeilge a chur faoi athréim – saor ó bhaol in institiúidí an stáit agus i measc na ndaoine, faoi mar a bhí súil go ndéanfaí – ach amháin a raibh á dhéanamh fúithi agus ar mhaithe léi i gcúrsaí oideachais sna scoileanna, agus go ró-áirithe sna bunscoileanna.

Bhí rudaí eile ar aire cheannairí an stáit nua, ar ndóigh, seachas leas na Gaeilge. Cibé rath a bhí ar mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna ar dtús, bhí sé rófhurasta athbheochan na teanga a fhágáil faoi na múinteoirí ar fad, agus gan faic eile a dhéanamh chuige. Ghéill an t-idealachas don phraiticiúlacht, agus mheath an Chonradh freisin. B'fhuaith leis an fhaillí agus an tsleamchúis a raibh a rian chomh soiléir sin ar bheartas teanga an stáit, ach ní raibh ina chumas an scéal a fheabhsú. Idir an dá linn lean na hArdfheiseanna ó bhliain go bliain, féilte na bhfíréan. Anois, agus athbheochan bheag theanga ar siúl i mbólaí éigin, tá an Conradh chomh dílis don Chúis is a bhí riamh. Tá Uachtarán nua, Nollaig Ó Gadhra, ann i mbliana, agus beartas aige: aird ar leith a thabhairt ar an nGaeltacht, ar fheidhmiú an Achta Teanga, ar mhúineadh na Gaeilge, agus ar oidhreacht na Gaeilge i múineadh na staire. Seo seanchuspóirí an Chonartha, tríd is tríd, agus ná bimis ag súil go mbainfear iad go léir amach (nó aon cheann acu, b'fhéidir) lenár linn.

D'fhógair Ó Gadhra gurbh eagraíocht aislingeach an Chonradh, eagraíocht ceannródaíochta, agus nárbh eagraíocht gearáin é a thuilleadh. Is deacair a chreidiúnt go mbeidh deireadh leis na gearáin, cuma cén bun atá leis an gcuid eile den ráiteas. Ní bhíonn deireadh le cúiseanna casaoide, agus orthu sin beidh oibriú an Achta Teanga sa státseirbhís. Ní gan dua a shárófar sean-nós an chúpla focal sna Ranna stáit.

I dtaca leis an scéal seo, b'fhiú aird a thabhairt ar rud a dúirt Seán Clárach ar *Lá* tamall ó shin faoi laghdú éigin a theacht ar úsáid na Gaeilge i measc na coitiantachta:

(C)é go bhfuil breis is beirt as gach cúigear sa stát fós in ann smeadar éigin Gaeilge a úsáid (de réir a gcórais fhéinmheasta féin) ní úsáideann an leathchuid féin den 42-44 faoin chéad sin an teanga náisiúnta go rialta, ceal deise, ceal cumais, ceal díograise nó cibé. Agus tá an Ghaeltacht ag sleamhnú léi isteach san uaigh, mar a tharla ó leag na Gaill cos ar an oileán seo 800 bliain ó shin. (www.nuacht.com)

I gcead do Sheán cóir, cén fáth a gcuirfeadh an scéal seo buairt air? Is é Béarla fíorthéanga náisiúnta an oileáin iathghlais le fada, agus ní ar an gcoitiantacht atá rath na Gaeilge ag brath, ach ar scata ceandána atá sásta an fód a sheasamh. Orthu sin tá na Conraitheoirí – lucht stairiúil na Cúise. Níl an seanbhláth orthu a thuilleadh, ach tá fuinneamh beag iontu fós. Is trua nach bhfuil siad in ann beartas a bhfuil úire éigin ann a sholáthar, ach tá siad dáigh agus dícheallach - agus níl siad gan éifeacht.



An teanga nua

The Irish language is changing fast in its spoken form, thanks to the influence of English, and the process is irreversible.

'Is é an rud is mó atá ag dó na geirbe agamsa,' a dúirt mo dhuine, 'ná Gaeilge a bheith ag brath go hiomlán ar Bhéarla anois i gcomhair cora cainte. Cinnte, tá na foclóirí Gaeilge lán díobh, ach ar éigean a chloisfeá sa chaint bheo anois iad. Mura mbíonn Gaeilgeoir in ann cuimhneamh ar abairt Ghaeilge is beag an mhoill air breith ar ghiota Béarla agus craiceann Gaelach a chur air. Fágann sin go bhfuil athrú suntasach ag teacht ar dhul na teanga. Dá bhfaigheadh an Béarla bás amárach bheadh an Ghaeilge i bponc.'

Léachtóir ollscoile ba ea mo dhuine, agus staidéar fada déanta aige ar an teanga. An rud a bhí i gceist aige is rud é a thiteann amach go coitianta agus dhá theanga á labhairt san áit chéanna. Ag an teanga is mó labhairt a bhíonn an lámh in uachtar, agus ní féidir leis an míontéanga gan a bheith faoina hanáil. Tá Gaeilge na Gaeltachta ag tanú in aghaidh an lae, agus is í an Ghaeilge atá in uachtar ná an saghsanna atá á labhairt i mBaile Átha Cliath, i nDoire agus i mBéal Feirste. Sna háiteanna sin atá formhór mór na nGaeilgeoirí, agus i nGaeilge lom na scoile atá a gcuid den teanga préamhaithe. Tá cáil (nó droch-cháil) ar an nGaelscoilis, canúint an-mheasctha na bpáistí úd a fhaigheann scolaíocht trí Ghaeilge. Imíonn sin leis an aimsir, ach leanann an teanga is láidre de bheith ag cur isteach ar an teanga is laige. *'I'm telling you, caithfimid a bheith réalaíoch faoin scéal, 'cause ní féidir an clog a chasadh ar ais.'* Mar a deirtear.

Sin mar atá an scéal i saol an Bhéarla féin. Canúint ar leith den teanga sin atá againne Astrálaigh, ach leis na blianta anois is iad na Meiriceánaigh atá ag athnuachan ár gcuid cainte dúinn. An té nach gcreideann é sin, déanadh sé iarracht ar chuimhneamh ar chúig chora cainte féin a chumamar dúinn féin ó (abair) 1950 i leith. Níl siad ann; ach tá ár gcuid den teanga lán de chumadóireacht bhlasta na bPoncán. Is beag an mhaith a bheith ag fuasoid faoi, agus ó thaobh na teangeolaíochta de is an-suimiúil an scéal é.

In Éirinn tá glúin nua de chainteoirí dúchais ag teacht ar an saol, agus gan baint ar bith acu le haon Ghaeltacht traidisiúnta. Iad á dtógáil i sráideanna cathrach, agus dhá theanga ar a dtoil acu. Beag an t-ionadh an meascán a bheith ann. Ní fios fós an éireoidh leis an nGaeilge nua seo a bheith neamhspleách ar an mBéarla feasta nó an mbeidh sí ag teacht i dtír go deo ar theanga na Banríona. Go fiú má scarann Gaeilge le Béarla beidh lorg na teanga móire úd go smior uirthi. Ní féidir an stair a sheachaint.



Múinteoireacht

If they don't reach the standard, lower the standard: this is now government policy on the Irish language with regard to primary school teachers. And there's more...

De réir mar a deir *Lá*, tá an tAire Oideachais, Noel Ó Diompsaigh, tar éis pasmharc an Scrúdú Cáilithe Gaeilge do mhúinteoirí a íslíú ó 50% go 40% le cuidiú le mic léinn nach bhfuil an Ghaeilge ar fheabhas acu. Ba dheacair an tseift seo a shárú ar ghliceas.

Níor thaitin an scéal le Lorcán Mac Gabhann, Cathaoirleach Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán Ghaeilge. Deir sé go ndéanfar laghdú a dhéanamh ar an méid múinteoirí a bheidh in ann múineadh sna gaelscoileanna, agus ar chaighdeán na Gaeilge féin. B'fhéidir nach mór an bun atá lena ghearán sa mhéid is go mbeidh 70% de dhíth orthu seo atá chun dul i mbun oibre i nGaelscoileanna. Is léir ó chinneadh an Aire gur ar na Gaelscoileanna a bheidh an Rialtas ag brath feasta chun freastal ar thuismitheoirí atá ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Ní bheidh le fáil sna gallscoileanna ach dríodar na teanga, cé go mbeidh eisceachtaí ann gan amhras.

Dílo spéise é go mbeidh os cionn 400 mac léinn ag déanamh an scrúduithe i mbliana, i bhfad níos mó ná an 32 a rinne é sa bhliain 1992. Ní gá go mbeadh aon deifir orthu, dála an scéil. Anois is féidir leat gan an scrúdú a dhéanamh go ceann seacht mbliana tar éis duit dul i mbun múinteoireachta.

Deir *Lá* go bhfuil Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta na hÉireann (CNCM) ag iarraidh tuairimí a bhailiú i dtaobh múineadh teangacha, agus Gaeilge san áireamh. Deirtear gur mhian le 55% den phobal an Ghaeilge a bheith ina cuid de churaclam na hArdteistiméireachta. Tá eagla ar dhaoine éigin, áfach, go ndéanfar iarracht, luath nó mall, ar an teanga a chaitheamh i dtraipisí. (An féidir fíreán na Cúise a shamhlú gan inní, amhras agus eagla orthu?) Tá plécháipéis le foilsiú agus eolas le cur ar fáil do na hiarbhunscoileanna i ngeall uirthi ar son an tsuirbhé agus na díospóireachta a leanfaidh í. Bainfidh an CNCM tairbhe as torthaí an tsuirbhé chun beartas a chumadh i dtaobh múineadh teangacha sa churaclam iarbhuioideachais. An gcuirfidh seo Gaeilge á labhairt go rábach ag an aos óg? Beag an baol. Beidh an teanga ar fáil ag an té ar mian leis í a fhoghlaim, agus b'fhéidir go dtiocfadh feabhas ar an múinteoireacht. Ach formhór na ndaltaí a dhéanfaidh Gaeilge san Ardteistiméireacht beidh siad ar lorg na bpointí breise a ghabhann léi, mar is gnách leo faoi láthair. Agus ní á chasadh leo é.

Sleamhchúis?

A mis-spelled word in An Lúibín leads to reflections on the orthography of an earlier age.

Thángamar trasna ar 'an sleamhchúis,' agus an t-eagrán deireanach á athléamh againn: focal nach nach bhfuil le fáil in aon fhoclóir. Ba léir gurbh é a bhí i gceist ná 'an tsleamchúis', agus ba dheas an sampla den tsleamchúis chéanna é. Déarfadh daoine éigin go bhfuil litriú na teanga seo deacair a dhóthain gan dearmaid den saghas sin, rud a chuirfeá ag smaoineamh ar litriú an tseansaoil thú. Tógaimis 'Annála Ríochta Éireann,' saothar a breacadh síos sa 17ú haois ó lámhscríbhinní an 16ú haois agus ó chinn ba luaithe fós, b'fhéidir. Tá sampla thíos ón mbliain 1581.

Patriccín & Emann dá mhac Mheg Muiris Ciarraighe (.i. Tomas mac Emainn, mic Tomáis, mic Emainn) do élundh a Cúirt an Rígh a Luimneach iarna chinnédh don chomhairle a c-cor docum báis. Acht chena ní bhaí an Coimhdhe isin c-comhairle-sin. Báttar trá an chlann-sin seal ar choilltibh Cloinne Cuiléin acca c-caomhna, & do ascnattar iar sin go Cloinn Muiris, & bá gar bó cédach ceithernach an chuideachta-

sin tainic i n-uathadh buidhne as príosún Luimnigh act ro chaithsiot ina mbaol rempa don bhliadhain-sin fri foghail & fri díbeirg.

Sliocht é a chuireann síos ar éalú beirt fhear ó chumhacht na Sasanach nuair a bhí an tír ansuaite le cogadh agus le comhrac. Agus seo thíos leagan a bhfuil beagán nuachóirithe déanta air.

Pádraigín agus Éamann, dá mhac Mhig Mhuiris Chiarraí (.i. Tomás mac Éamainn, mhic Thomáis, mhic Émainn), d'éalaih as Cúirt an Rí i Luimneach tar éis cinneadh don Chomhairle a gcur chun báis. Ach cheana (*i.e. ach cibé scéal é*) ní raibh an Coimthe (Dia) sa gComhairle sin. Bhí an chlann sin áfach seal ar choilltibh Chlainne Chuiléin á gcaomhnú, agus d'ascnaíodar (*chuaigh*) ina dhiaidh sin go Clann Mhuiris, agus is amhlaidh gur chéadach ceitheanach an chuideachta sin a tháinig in uathadh (*beagán*) buíne as príosún Luimnigh (*i.e. tháinig méadú an-mhór ar an líon beag ceithearnach a tháinig as an bpríosún leo*) ach do chaitheadar a raibh rompu den bhliain sin le foghail agus le díbhearg.

Más mian leat na hAnnálacha go léir a léamh, agus aistriúchán Béarla leo, tá siad le fáil ag: www.celt.ie.



Lúnasa

The Irish band Lúnasa are paying yet another visit to Australia with 'The Kinnity Sessions'. Many will have heard their CDs, and they have a reputation for brilliant live performances.

Cúigear atá ann: Trevor Hutchinson agus Donogh Hennessy ar an ngiotár, Seán Smyth ar an bhfidil, Kevin Crawford ar an bhfeadóg mhór agus Cillian Vallely ar an bpíob. Cuma an-Ghaelach orthu, agus fáilte thar lear rompu. Suíomh acu: www.lunasa.ie. Is fiú súil a thabhairt ar shuíomh eile freisin: www.chuggentertainment.com. Agus beidh Paul Brady chugainn ar ball...

Seo iad na dátaí agus na háiteanna i gcomhair Lúnasa:

- 17 Bealtaine The Harp Hotel, Tempe, NSW: (02) 9559 6300
- 18 Bealtaine The Basement, Sydney: (02) 9521 2797; www.thebasement.com.au
- 19 Bealtaine Joe's Waterhole, Eumundi, QLD: (07) 5442 8144
- 20 Bealtaine The Irish Club, Brisbane: (07) 3221 5699
- 21 Bealtaine Vonda Youngman Community Hall, QLD: (07) 5545 2961
- 22 Bealtaine The Great Northern Hotel, Byron Bay, NSW: (02) 6686 2436
- 23 Bealtaine The Basement, Sydney: (02) 9521 2797; www.thebasement.com.au
- 24 Bealtaine The Clarendon, Katoomba, NSW: (02) 4782 1322
- 25 Bealtaine The Clarendon, Katoomba, NSW: (02) 4782 1322
- 26 Bealtaine Tilley's Devine Café, Canberra, ACT: (02) 6247 7753
- 28 Bealtaine Meeniyan Hall, South Gippsland, VIC: (03) 5664 9239; ianbev@dcsi.net.au

29 Bealtaine The Corner Hotel, Richmond, VIC: (03) 9427 9198; www.cornerhotel.com



Colin Ryan: colger@melbpc.org.au